# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2011

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

DÉ MÁIRT 14 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 – 12.00

## ROINN B

**(160 marc)**

- Tá na ceisteanna **UILE** ar aon mharc.
- **CEITHRE** cheist ar bith a fhreagairt.
- Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair mar aon le fóilíónna agus dátaí, de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

| 1. | **Ceist í seo faoi Bhuiséad Teaghlaigh** |
|---|---|

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Ar *leathanach 10 de Roinn A* tá Foirm Bhuiséid do theaghlach Uí Mheachair atá páirt-chomhlánaithe don bhliain 2012. Iarrtar ort na figiúirí a líonadh isteach sna colúin 'Meastachán Aib - Noll' agus 'Iomlán don bhliain Ean - Noll' chun an fhoirm seo a chomhlánú.

*(**Nóta**: Tá leathanach curtha ar fáil d'obair gharbh ar leathanach 9 de Roinn A má bhíonn sé ag teastáil.)*

Ba cheart an t-eolas seo a leanas a chur san áireamh:

- Tá súil ag Seán €150 sa bhreis a thuilleamh as ragobair i mí Iúil agus i mí Mheán Fómhair agus tá súil aige le bónas Nollag de €100 a fháil i mí na Nollag.
- Déanfaidh Póilín postroinnt i rith mhí an Mheithimh, Iúil agus Lúnasa nuair a bheidh na páistí ar laethanta saoire ón scoil. Mar thoradh air seo beidh laghdú 40% ar a tuarastal na trí mhí sin ach fillfidh sí ar obair lánaimseartha agus ar lántuarastal ar 1 Meán Fómhair.
- Tá teaghlach Uí Mheachair ag fáil sochar leanaí míosúil ach beidh laghdú €187 in aghaidh na míosa air seo ó 1 Deireadh Fómhair nuair a shroichfidh an iníon is sine acu 18 mbliana.
- Tiocfaidh méadú €50 in aghaidh na míosa ar an morgáiste tí ó 1 Iúil.
- Tá árachas gluaisteáin iníoctha go míosúil agus tiocfaidh ardú air go dtí €60 in aghaidh na míosa ó 1 Deireadh Fómhair mar tá sé beartaithe acu a n-iníon a chur faoi árachas gluaisteáin an teaghlaigh.
- Ceaptar go bhfanfaidh costais tí ar an leibhéal céanna, ach amháin i mí na Nollag, nuair a thiocfaidh ardú 20% orthu.
- Ceaptar go bhfanfaidh costais reatha gluaisteáin ag €130 in aghaidh na míosa chomh maith le costas breise €200 le haghaidh seirbhíse i mí Mheán Fómhair agus €50 le haghaidh an TNG i mí Dheireadh Fómhair.
- Ceaptar go mbeidh costas €700 ar an teileafón don dá mhí déag (Ean - Noll 2012).
- Íoctar costais solais gach dara mí agus ceaptar go bhfanfaidh siad ag an leibhéal céanna. Ceaptar gurb é an t-aon chostas teasa amháin a bheidh ann ná €800 ar líonadh ola i mí Mheán Fómhair.
- Cosnóidh siamsaíocht €150 in aghaidh na míosa ar an meán sna naoi mí dheiridh den bhliain.
- Tá súil ag an teaghlach €210 a chaitheamh ar bhronntanais bhreithlae san fhómhar agus €600 ar bhronntanais Nollag.
- Ceaptar go gcosnóidh saoire theaghlach Uí Mheachair i mí Iúil €2,200. Caithfear an fuílleach a íoc i mí an Mheithimh.

(30)

**(B)** Freagair na ceisteanna a leanas sna spásanna atá ann dóibh ar fáil *ar leathanach 11 de Roinn A*.

(i) Mínigh an téarma 'postroinnt' i mBuiséad Theaghlach Uí Mheachair.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a bhféadfadh ardú teacht ar aisíocaíochtaí an mhorgáiste.
(iii) Ag deireadh Márta 2012, cad é iarmhéid deiridh an airgid thirim a bhfuil súil ag teaghlach Uí Mheachair leis? (10)

**(40 marc)**

**2.** **Ceist í seo faoi Chuntas Club**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Bhí stoc tosaigh de €5,900 sa siopa ag Club Haca na Páirce ar an 1 Eanáir 2010.

Seo thíos achoimre ar bhearta airgeadais an Chlub don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010:

| **Fáltais:** | **€** |
|---|---|
| Lató an Chlub | 22,400 |
| Díolacháin sa tSiopa | 14,300 |
| Táillí Comórtas | 6,100 |
| Síntiúis | 17,800 |
| Urraíocht Bhliantúil | 3,500 |
| | |
| **Íocaíochtaí:** | **€** |
| Duaiseanna Comórtas | 4,900 |
| Costais Ghinearálta | 5,600 |
| Solas agus Teas | 6,850 |
| Cúram na Páirce Imeartha | 4,300 |
| Ceannach Fearais | 7,400 |
| Ceannacháin don Siopa | 9,850 |
| Árachas | 8,970 |
| Costais Lató an Chlub | 16,220 |

Eolas breise ar an 31 Nollaig 2010:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Stoc an tSiopa | €8,120 |
| (ii) | Árachas réamhíoctha | €1,495 |
| (iii) | Síntiúis iníoctha | €700 |
| (iv) | Costais Ghinearálta iníoctha | €325 |
| (v) | Dímheas Fearas de 15%. | |

**(A)** Ullmhaigh:

(i) Cuntas Trádála Siopa don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010.
(ii) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010.

(32)

**(B)** Ag an CGB tugann an tOifigeach Club, a ullmhaíonn na cuntais, tuairisc dóibh.

(i) Sainaithin an t-oifigeach a ullmhaíonn na cuntais i gclub.
(ii) Liostaigh **trí** mhír a bhíonn sa thuairisc.

(8)

**(40 marc)**

**3.** **Ceist í seo a bhaineann le Tosca Táirgthe agus le Trádáil**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Luaigh agus mínigh na **ceithre** Thoisc Tháirgthe agus tabhair sampla **amháin** i **ngach** cás.

(12)

**(B)** (i) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis a n-allmhairíonn Éire earraí.

(ii) Mínigh 'allmhairí dofheicthe' **agus** tabhair sampla **amháin** d'allmhaire dhofheicthe.

(iii) Baineann na sonraí seo a leanas le trádáil idirnáisiúnta tíre don bhliain 2010:

| | **€** |
|---|---|
| Allmhairí Sofheicthe | 790 milliún |
| Onnmhairí Dofheicthe | 780 milliún |
| Onnmhairí Sofheicthe | 730 milliún |
| Allmhairí Dofheicthe | 880 milliún |

(a) Ó na sonraí thuas, ríomh Comhardú na Trádála **agus** Comhardú na nÍocaíochtaí. Taispeáin do chuid oibre.

(b) Luaigh i **ngach** cás cé acu comhardú barrachais nó comhardú easnaimh atá ann.

(iv) Dá n-allmhaireodh an tír thuas breis amh-earraí ar luach €40m, cén tionchar a bheadh aige sin ar Chomhardú na Íocaíochtaí ag an tír sin? Taispeáin do chuid oibre.

(24)

**(C)** Mínigh an téarma 'ionadú allmhairí'.

(4)

**(40 marc)**

**4.** **Ceist í seo faoi Árachas**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Rugadh Seán Ó Crábháin ar an 5 Lúnasa 1971. Tá sé ina chónaí ar Shráid na mBeairicí, Baile Átha Luain, Co. Ros Comáin. Is pluiméir é atá féin-fhostaithe. Teastaíonn uaidh Árachas Saoil de luach €200,000 a chur ar a shaol féin toisc gur phós sé le déanaí. Fuair sé luachan óna chomhlacht árachais maidir le hÁrachas Lánsaoil agus le hÁrachas Dearlaice. Tá sé socraithe aige polasaí dearlaice a cheannach. Ní ólann Seán alcól agus ní chaitheann sé tobac agus níl aon fhadhbanna sláinte aige. Nuair a bhíonn am saor aige is maith leis rugbaí a imirt agus dul ag sléibhteoireacht. Teastaíonn uaidh a phréimh a íoc go míosúil le buanordú.

**(A)** (i) Mínigh an difríocht idir Árachas Lánsaoil agus Árachas Dearlaice.

(ii) Luaigh agus mínigh prionsabal árachais ábhartha is ceart do Sheán eolas a bheith aige ina thaobh nuair a bhíonn árachas dearlaice á thogáil aige.

(iii) Mínigh na téarmaí seo a leanas: (a) Préimh
(b) Polasaí

(iv) Cuir i gcás gur tusa Seán agus, ag úsáid dáta an lae inniu duit, comhlánaigh an fhoirm thogra ar *leathanach 12 de Roinn A*

(26)

**(B)** Tá árachas tí ag Seán cheana féin ach tá a phréimh bhliantúil le hathnuachan go luath. Tá a chomhlacht árachais tar éis an luachan seo a thabhairt dó: €14 in aghaidh €10,000 don teach agus €18 in aghaidh €5,000 don inneachar. Tá luacháil €250,000 curtha ar a theach ach ní chuireann Seán ach árachas €200,000 air. Tá árachas €125,000 curtha ar an inneachar, an luacháil iomlán. Gheobhaidh sé laghdú 5% toisc go bhfuil aláram sa teach.

(i) Ríomh an phréimh árachais a bheidh ar Sheán a íoc. Taispeáin do chuid oibre.

(ii) Dá ndéanfadh tuile damáiste €40,000 don teach agus damáiste €15,500 don inneachar, ríomh an méid cúitimh a mbeadh Seán i dteideal é a fháil, má ghlactar leis go bhfuil farasbarr polasaí de €200 i gceist. Taispeáin do chuid oibre. Mínigh do fhreagra.

(14)

**(40 marc)**

**5.** **Ceist í seo faoi Bhaincéireacht**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Tá cuntas reatha ag Emma Ní Ógáin i mbanc de chuid AIB, Sligeach.

Fuair sí an Ráiteas Bainc seo a leanas ar an 3 Bealtaine 2011:

| | | |
|---|---|---|
| **AIB**<br>**An tSráid Mhór**<br>**Sligeach** | **Ráiteas Cuntais** | Fón: 071-265397<br>Facs: 071-265399<br>Cód an Bhrainse: 93-71-51<br>Cód Aith. an Bhrainse: AIBSLIE4D |

| | | |
|---|---|---|
| Emma Ní Ógáin<br>Bóthar Bhaile Átha Cliath<br>Sligeach | **Ainm an Chuntais:** | Emma Ní Ógáin Cuntas Uimh. 1 |
| | **Uimhir an Chuntais:** | 50591961 |
| | **IBAN:** | IE39 AIBSL 9371505919 61 |
| | **Dáta an Ráitis:** | 30 Aibreán 2011 |
| | **Uimhir an Ráitis:** | 505 |

| Dáta | Sonraí na mBeart | Dr | Sr | Iarmhéid |
|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € |
| 01 Aib 2011 | Iarmhéid ar aghaidh | | | 120.00 |
| 05 Aib 2011 | Buanordú – BSL | 80.00 | | 40.00 |
| 10 Aib 2011 | UMB – AIB, Béal an Átha | 100.00 | | 60.00 Dr |
| 11 Aib 2011 | Pá-chonair | | 750.00 | 690.00 |
| 14 Aib 2011 | IDIRL – Visa AIB | 100.00 | | 590.00 |
| 18 Aib 2011 | Seic Uimh. 500177 | 92.00 | | 498.00 |
| 21 Aib 2011 | Aistriú Creidmheasa | | 70.00 | 568.00 |
| 27 Aib 2011 | DD Vodafone | 52.00 | | 516.00 |
| 30 Aib 2011 | Ús | 2.00 | | 514.00 |
| 30 Aib 2011 | Táillí Bainc | 16.00 | | 498.00 |

**(A)** (i) Cé acu cuntas taisce nó cuntas reatha atá ag Emma? Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

(ii) Mínigh cén fáth a bhfuil 'Dr' sa cholún Iarmhéid ar an 10 Aibreán 2011.

(iii) Mínigh 'Pá-chonair' agus luaigh **dhá** bhuntáiste atá ag 'Pá-chonair' d'Emma.

(iv) Mínigh an beart ar an 14 Aibreán 2011.

(v) Mínigh an difríocht idir na bearta a tharla ar an 5 Aibreán 2011 agus ar an 27 Aibreán 2011.

(vi) Luaigh cúis **amháin** a bhfuil ús €2 sa Ráiteas Bainc ar an 30 Aibreán 2011.

(26)

**(B)** (i) Níl an dá mhír seo a leanas san áireamh i Ráiteas Bainc Emma:

- Seic (Uimh. 500178) ar luach €1,994 a scríobh Emma ar an 21 Aibreán 2011.
- Aistriú creidmheasa de €1,500 ar an 30 Aibreán 2011.

Ríomh a iarmhéid deiridh sa bhanc tar éis **an dá** mhír thuasluaite a chur san áireamh. Taispeáin do chuid oibre.

(ii) Tá Emma ag smaoineamh ar scéim rialta coigiltis a thosú.

Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thoisc ba cheart d' Emma a chur san áireamh sula mbeartaíonn sí ar cá háit a n-infheisteoidh sí a cuid airgid.

(14)

**(40 marc)**

**6.** **Ceist í seo faoi Dhaoine ag Obair**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Thosaigh Aindréas Tudor ag obair le Val Tta le déanaí. Ar an gcéad lá aige ann fuair sé cuireadh ó ionadaí áitiúil an cheardchumainn a bheith ina bhall den cheardchumann ar eagla go mbeadh conspóid aige lena fhostóir.

(i) Cén teideal a úsáidtear de ghnáth chun ionadaí áitiúil an cheardchumainn a aithint i Val Tta?

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** sheirbhís is féidir leis an duine seo a chur ar fáil d'Aindréas.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis go mb'fhéidir go mbeadh conspóid ag Aindréas le Val Tta.

(iii) Sainaithin **dhá** chéim i réiteach conspóid tionsclaíoch le Val Tta.

(21)

**(B)** Íocfar bunphá €912 le hAindréas as seachtain oibre 38 uair an chloig. Íocfar am go leith ar an gcéad sé huaire an chloig ragoibre agus am dúbailte ina dhiaidh sin. Déanfaidh sé féin idirbheartaíocht maidir lena shochar comhchineáil féin.

(i) Mínigh an téarma 'sochar comhchineáil' **agus** tabhair **dhá** shampla de.

(ii) Mínigh an difríocht idir 'bunphá' agus 'ragobair'.

Tá an t-eolas breise seo a leanas ar fáil faoi thuilleamh Aindréas Tudor an chéad seachtain:

- Rinne sé 46 uair an chloig oibre an chéad seachtain.
- Íocann sé ÁSPC agus Muirear Sóisialta Uilíoch ag an ráta 11%.
- Íocann sé cáin ioncaim (ÍMAT) ag an ráta 41%.
- Is iad a chreidmheasanna cánach ná €3,900 sa **bhliain**.

(iii) Ríomh a bhunphá an tseachtain sin. Taispeáin do chuid oibre.

(19)

**(40 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD ROINN 'A' A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán